# SOCHAÍ SA BHREATAIN LE LINN AN DARA COGADH DOMHANDA



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

# RÉAMHRÁ

- Bhí tionchar ollmhór ag an Dara Cogadh Domhanda - i bhfad níos mó ná aon chogadh eile.
- Ghabh na Naitsithe agus a chomhghuaillithe tíortha iomlána.
- Rinneadh a lán buamála ar thíortha agus ar chathracha eile.
- Maraíodh grúpaí de mhionlaigh mar chuid de chlár stát freisin.
- Ní raibh cogadh chomh dáiríre sin san Eoraip go dtí sin.

# AN SAOL SA BHREATAIN - RÉAMHRÁ




- Slogadh gach páirt de shochaí na Breataine chun cabhrú leis an iarracht chogaidh.
- Tugadh coinscríobh isteach in Aibreán 1939, roimh bhriseadh amach an chogaidh.
- Glaodh Seirbhís Náisiúnta air agus bhí sé i gcomhair fear idir 20 agus 22 amháin ar dtús ach leathnaíodh é ó 18 go 41níos moille.
- Fir a bhí ag obair i dtionscail speisialta, ní raibh orthu dul isteach san arm.
- Faoi dheireadh 1940, bhí 2 mhilliún fear in arm na Breataine mar choinscríofaigh.

# AN SAOL SA BHREATAIN - ASLONNÚ NA CATHRACHA

- Cuireadh pleananna i bhfeidhm chun saoránaigh a bhaint ó na cathracha dá mbeadh cogadh ann.
- Faoi Oibríocht Pied Piper, bogadh timpeall 3.5 milliún duine, an chuid is mó dóibh ina bpáistí, amach faoin tuath.
- Sa chéad trí lá den chogadh, bogadh níos mó ná 1.5 milliún duine, 800,000 páiste san áireamh faoin tuath. Cuireadh iad le teaghlaigh nó le strainséirí.



# AN SAOL SA BHREATAIN - ASLONNÚ NA CATHRACHA

- Bheadh tionchar mór aige seo ar an tsochaí agus is féidir an tionchar a fheiceáil i leabhair agus i scannáin cosúil le "Goodnight Mr. Tom" nó "Carrie's War"
- Agus, seoladh a lán páistí chuig codanna éagsúla den impireacht, ar nós Ceanada nó an Astráil.
- Ach cuireadh stop leis seo i Mean Fómhair 1940 nuair a cuireadh an long City of Benares go tonn poill agus nuair a maraíodh na 77 páiste air.
- Tháinig a lán de na páistí ar ais le linn an chogaidh bhréagaigh ach bogadh níos mó ná 100,000 páiste amach faoin tuath arís le titim na Fraince i Meitheamh 1940.




# AN SAOL SA BHREATAIN - RÓL NA MBAN

- De bharr gur coinscríobhadh a lán fear, spreagadh mná chun dul ar ais san fhórsa saothair chun na bearnaí a líonadh.
- In 1941, thug an rialtas coinscríobh isteach do mhná idir 18 - 60.
- Níor seoladh na mná seo chun troda, ach bhí orthu obair a dhéanamh ar son na hiarrachta cogaidh.
- Rinne mná poist sna tionscail chogaidh (armlóin & aerárthaí) agus d'oibrigh siad ar na hiarnróid, ar bhusanna agus mar phóilíní.

# AN SAOL SA BHREATAIN - RÓL NA MBAN



- Bhí 80,000 bean san Arm Talún & d'oibrigh siad ar fheirmeacha chun cinntiú go raibh go leor bia ag an mBreatain
- Agus, bhí mná san fórsaí armáilte mar bhaill de Sheirbhís Chabhlaigh Ríoga na mBan [WRNS], Aerfhórsa Cúnta na mBan [WAAF] - rinne siad obair pháipéarachais, dheisigh siad trealamh agus rinne siad an chumarsáid ar fad.
- Bhí Seirbhís Dheonach na mBan [WVS] bunaithe in 1938 chun cabhrú dá mbeadh cogadh ann.

# AN SAOL SA BHREATAIN - RÓL NA MBAN

- D’oibrigh baill de Sheirbhís Dheonach na mBan (WVS) sa Réamhchúram in Aghaidh Aer-ruathar, agus chabhraigh siad le haslonnú daoine ó áiteanna uirbeacha agus le dáileadh éadaí, bia agus deochanna do dhaoine a chaill a dteach le linn an Blitz.
- Bhí timpeall 7 milliún bean ag obair sa Bhreatain le linn an chogaidh, agus mar sin, bhí siad in ann leibhéal ard de dhéantús armlóin a choimeád.





| | An Bhreatain | An Ghearmáin |
|---|---|---|
| **1939** | 8000 | 8300 |
| **1940** | 15000 | 10200 |
| **1941** | 20000 | 11800 |
| **1942** | 23500 | 15500 |
| **1943** | 26200 | 24800 |
| **1944** | 26500 | 39800 |
| **1945** | 12000 | 7500 |

# AN SAOL SA BHREATAIN - RÓL NA MBAN

DÉANTÚS AERÁRTHACH

| | An Bhreatain | An Ghearmáin |
|---|---|---|
| **1939** | 970 | 1300 |
| **1940** | 1400 | 2200 |
| **1941** | 4800 | 5200 |
| **1942** | 8600 | 9200 |
| **1943** | 7500 | 17300 |
| **1944** | 5000 | 22000 |
| **1945** | 2100 | 4400 |




# AN SAOL SA BHREATAIN - RÓL NA MBAN

DÉANTÚS TANCANNA

# AN SAOL SA BHREATAIN - CIONDÁIL

- In 1939, bhí an Bhreatain ag iompórtáil beagnach ⅔ den bia ar loingis thrádála, ach anois bhí na longa sin á ionsaí ag na hU-bháid Gearmánacha.
- Mar thoradh air seo, bhunaigh an Rialtas aireacht nua, an Aireacht Bhia - leis an aidhm chun cinntiú go mbeadh go leor bia ag muintir na tíre.
- In Eanáir 1940, tugadh isteach ciondáil ar shiúcra, ar im agus ar bhagún - tugadh leabhar ciondála do gach saoránaigh.
- Bhí ar dhaoine an leabhar seo a thaispeáint nuair a bhí siad ag ceannach rud éigin.
- D'oibrigh an Rialtas amach an méid bia a bheadh de dhíth ar dhaoine, ionas go mbeadh go leor bia acu. Mná a bhí ag iompar, mná a bhí ag cothú leis an gcíoch agus páistí, fuair siad a leabhar féin.
- Faoi 1942, bhí ciondáil á déanamh ar thae, ar bhainne, ar uibheacha agus cáis.



# AN SAOL SA BHREATAIN - CIONDÁIL

- Spreag an rialtas daoine chun a bia féin a fhás ar pé talamh a bhí acu agus bunaíodh a lán garraithe scóir - chabhraigh sé seo le daoine na cothaithigh a bhí ag teastáil a fháil dóibh féin.
- Ní raibh a lán bia le fáil a thuilleadh, go háirithe rudaí a bhí á n-iompórtáil - bananas agus líomóidí.
- Ní raibh ciondáil ar thobac ná ar alcól le linn an chogaidh ach ní raibh mórán díobh timpeall.
- D'fhás an margadh dubh de bharr na ciondála - bhí tú in ann bia a fháil sa mhargadh sin i gcomhair praghas an-ard.



# AN SAOL SA BHREATAIN - CIONDÁIL




- Dá mbeifeá ciontach de rudaí a dhíol ar an margadh dubh gearradh finéal £500 ort nó chaith tú 2 bhliain i bpríosúin.
- Agus, bhí an Bhreatain gann i miotail áirithe agus in amhábhair.
- Mealladh daoine chun pé amhábhair a raibh acu a thabhairt don rialtas chun cabhrú leis an iarracht chogaidh - iarradh ar dhaoine panna alúmanaim a thabhairt suas mar d'fhéadfaí eitleáin a dhéanamh as an miotal sin.
- Ce nár baineadh úsáid as an gcuid is mó de, thug sé misneach don phobal de bharr gur cheap siad go raibh siad ag cabhrú.

# AN SAOL SA BHREATAIN - AN BLITZ




- Bhí tionchar mór ag an mbuamáil Ghearmánach ar shochaí na Breataine.
- Bhunaigh an Rialtas Réamhchúram in Aghaidh Aer-ruathar in 1937 - seo eagraíocht a thug cosaint do shaoránaigh ó ionsaithe ón aer.
- Bhí maor ARP i gceannas ar "lándorchú" a chur i bhfeidhm gach oíche.
- Bhí clúdach ar na fuinneoga ionas nach mbeadh an Luftwaffe in ann cathracha a fheiceáil.
- Bhí a lán uirlisí ann chun na cathracha a chosaint freisin - balún baráiste & gunnaí frith-aerárthaí.

# AN SAOL SA BHREATAIN - AN BLITZ






- Baineadh úsáid as stáisiúin Tube agus as íoslaigh chun daoine a choimeád sábháilte le linn buamála.
- Agus thóg daoine foscadán Anderson ina ngairdín - thochail siad é ina ngairdín cúil & chur siad leathán iarainn ar na taobhanna & os a cionn.
- Nuair a d'aimsigh an radar aon eitleán Gearmánach ag teacht bhuail bonnán go hard timpeall na cathrach.
- Nuair a chuala daoine é seo bhí orthu dul chuig an bhfoscadán is cóngaraí dóibh – m.sh., Stáisiúin Tube Bethnal Green, bhí 5,000 bunc ann agus spás de thimpeall 7,000 duine ann.

# AN SAOL SA BHREATAIN - AN BLITZ

- Bhí an ráta báis an-ard i measc sibhialtach i Londain de bharr gur fhan ⅔ den daonra ann.
- Scriosadh níos mó ná 250,000 teach sa chéad 6 seachtaine den Blitz.
- Idir Meán Fómhair 1940 agus Bealtaine 1941 - fuair níos mó ná 43,000 duine bás.
- Ó 1944 ar aghaidh rinne an Ghearmáin buamáil ar an mBreatain le roicéad V1 agus V2 - fuair 67,000 duine bás sa tslí sin.
- Ach fiú leis seo, bhí meanma na tíre ard de bharr bolscaireacht aagus cinsireachta

# ROICÉAD V2



# AN SAOL SA BHREATAIN - BOLSCAIREACHT AGUS CINSIREACHT

D'fhan meánma ard sa Bhreatain le linn an chogaidh de bharr bolscaireachta agus cinsireachta. Bhí go leor slite ina ndearnadh seo: scannáin, nuachtscannáin, póstaeir agus craolta raidió.

Rinneadh áibhéil ar líon na n-eitleán Gearmánach a cailleadh, agus de bharr cinsireacht, níor chuala an pobal faoi líon na saighdiúirí Briotanacha a bhí ag fáil bháis.

Feictear sampla iontach den bholscaireacht seo le linn Chath na Fraince. Chúlaigh arm na Fraince agus an BEF ar ais go Dunkirk de bharr go raibh na Gearmánaigh róláidir.


Thrasnaigh 860 bád Muir nIocht agus shábháil siad timpeall 300,000 saighdiúir. Caillteanas mhíleata a bhí ann don Bhreatain.

.Ach léirigh na meáin é mar bhua iontach ina raibh ról lárnach ag gaiscígh na Breataine chun bua a fháil ar na Gearmánaigh





# OIBRÍOCHT DYNAMO




# AN SAOL SA BHREATAIN - BOLSCAIREACHT AGUS CINSIREACHT

- Bhí póstaeir fhrith-Gearmánacha agus frith-Seapánacha le fáil ó cheann ceann na tíre. Bhunaigh an Rialtas an Aireacht Eolais chun smacht a chur ar an nuacht agus ar an mbolscaireacht ar fad.
- Rinneadh suirbhé ollmhór, "Mass Observation" - choimeád sé seo taifid ar mheon na ndaoine ionas go mbeadh an Aireacht Eolais in ann bolscaireacht éifeachtach a chur amach.
- Thug Churchill óráidí cáiliúla agus inspioráideacha chun daoine a spreagadh.

# AN SAOL SA BHREATAIN - BOLSCAIREACHT AGUS CINSIREACHT

- Bhí ról lárnach ag an teaghlach ríoga sa bholscaireacht, go háirithe, an Rí George VI agus Elizabeth II. Dhiúltaigh George VI an Bhreatain a fágáil le linn an chogaidh agus d'fhan sé i Londain le linn an Blitz
- Chuaigh sé féin agus an bhanríon timpeall Londan chuig áiteanna ar thit buamaí orthu chun meánma an phobail a ardú.













# OIBRÍOCHT PIPED PIPER

# PÓSTAEIR BHOLSCAIREACHTA







